Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0147(NLE)**

**16999/23**
**ADD 1**

**PECHE 620**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile (2023-2028)<br>– Ráiteas ón gCoimisiún |

Lena breithiúnas i gcásanna uamtha C-103/12 agus C-165/12 (Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún v. an Chomhairle), dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais go soiléir go bhfuil cinntí a bhaineann le comhaontuithe iascaigh seachtracha a thabhairt i gcrích go hiomlán faoi chuimsiú raon feidhme Airteagal 43(2) CFAE (i gcomhar leis an nós imeachta is infheidhme in Airteagal 218 CFAE, i.e. Airteagal 218(6)(a)(v) maidir leis na cinntí faoi na comhaontuithe a thabhairt i gcrích) agus dhiúltaigh sí an seasamh gurbh fhéidir go dtiocfadh na cinntí sin faoi chuimsiú raon feidhme Airteagal 43(3) CFAE.

I ndáil leis an gCinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile (2023-2028), is cúis aiféala don Choimisiún leasú na Comhairle lenar cuireadh Airteagal 43 (gan an mhír a lua) in ionad bhunús dlí substainteach Airteagal 43(2) CFAE.

Cé nach bhfuil sé ag cur i gcoinne na Comhairle maidir le glacadh an leasaithe le vótáil trí thromlach cáilithe, coimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.